Comhar
TAIGHDE

‘Duais an Chomhchaidrimh’

do Thaighdeoirí Luathghairme
Urraithe ag **Gael Linn**

COMHAR*Taighde* 10
(eagrán na bliana **2024)**

Cuireann COMHAR*Taighde* fáilte ar leith roimh ailt scolártha den chéad scoth ó thaighdeoirí luathghairme. Bronnfar ‘Duais an Chomhchaidrimh’ de €750, agus buanghradam, maoinithe ag Gael Linn, ar an alt is fearr a scríobh taighdeoir luathghairme agus a fhoilseofar sa deichiú heagrán de COMHAR*Taighde*. Ainmnítear an duais seo i gcuimhne ar an gcumann idir-ollscoile as ar shíolraigh COMHAR agus Gael Linn.

Treoir:

1. Iris phiarmheasta í COMHAR*Taighde* agus déanfar gach iarratas cuí a phiarmheasúnú de réir ghnáthnósanna na hirise
2. Is ionann taighdeoirí luathghairme agus scoláirí iarchéime, scoláirí PhD, agus scoláirí eile ar bronnadh céim dhochtúireachta orthu laistigh den tréimhse cúig bliana roimh an 31 Nollaig 2023.
3. Glacfar le hailt neamhfhoilsithe nach bhfuil níos mó ná 8,000 focal iontu, leabharliosta san áireamh. Ní ghlacfar le halt má tá cuid den alt i gcló cheana.
4. Ní mór na cáipéisí seo a leanas a chur ar fáil le gach iarratas: leathanach teidil; an t-alt féin; achoimre ar an alt; achoimre ar an alt i mBéarla agus sliocht beathaisnéise.
5. Is féidir Duais an Chomhchaidrimh a bhronnadh ar alt a bhfuil níos mó ná údar amháin luaite leis, ach na húdair ar fad a bheith ina dtaighdeoirí luathghairme.
6. Is iad eagarthóirí COMHAR*Taighde*, i gcomhar le baill ar leith den Bhord Comhairleach Idirnáisiúnta na hirise a roghnóidh buaiteoir na duaise.
7. Ní mór don alt a bheith ag teacht le Treoracha Scríbhneoireachta agus le Stíl Tí **COMHAR*Taighde***: https://comhartaighde.ie/
8. Is gá an t-alt agus an t-ábhar breise a sheoladh chuig comhartaighde.eagarthoiri@comhar.ie faoin 1 Feabhra 2024. Ní ghlacfar le haon iarratas ina dhiaidh sin.



COMHAR

Gael Linn